

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

---

**SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

---

**EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL**

---

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – IARNÓIN 2.00 – 4.30

---

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

## SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

1. Freagair **sé cinn** díobh seo a leanas:

- (a) Déan idirdhealú idir (i) bratphortach agus (ii) portach imchuach.
- (b) Tabhair sampla d'fhungas sa dá chás a leanas:
  - (i) paitigin ainmhí, (ii) paitigin planda.
- (c) Luaigh feidhm ag na fíocháin plandaí seo a leanas:
  - (i) xiléim, (ii) coilleincíoma, (iii) fléam.
- (d) Míniú an téarma “athghasadh” agus rianaigh na dálaí a chothaíonn é.
- (e) Cén fáth a bhfuil úsáid fosfáit charraige meilte mar leasachán aon ábhair in Éirinn teoranta go hiomlán, nach mór, do leasú crann foraoise?
- (f) Ainmnigh urranna goile ainmhí athchogantaigh ainmnithe.
- (g) Liostaigh **dhá** thréith ag aon orgánach ainmnithe a bhaineann leis an bhFíleam Annelida.
- (h) Míniú conas a chabhraíonn leathadh aoil le líon na gcásanna pucháin ae a laghdú.
- (i) Abair cad é an fine plandaí lena mbaineann gach ceann díobh seo a leanas:
  - (i) práta, (ii) nóinín, (iii) coinfhéar, (iv) cam an ime.
- (j) Luaigh **dhá** fheidhm ag an gcóras limfeach.

(60 marc)

2.

Cineál ithreach	% Uisce ag Acmhainn Pháirce	% Uisce ag Pointe Sleabhctha	Acmhainn Uisce Infhála
Gaineamh	8	3	
Dúrabhán	22	11	
Cré	28	19	

- (a) Agus tú ag baint leas as an tábla thuas freagair iad seo a leanas:
  - (i) Déan cóip den tábla i do leabhar freagraí agus líon isteach an colún bán.
  - (ii) Míniú cad iad na hithreacha thuas ab fhearr a spreagfadh fás barraí (1) i rith triomach agus (2) san earrach luath.
- (b) Míniú na téarmaí (i) acmhainn pháirce agus (ii) pointe sleabhctha buan.
- (c) Tabhair cuntas, le cabhair léaráide, ar thriail a dhéanann comparáid idir an draenáil in ithreacha gainmheacha agus créúla.

(48 marc)

3. (a) Tabhair cuntas ar iniúchadh saotharlainne lena léiriú go scaoileann síolta fuinneamh le linn péactha.
- (b) (i) Déan idirdhealú idir riospráid aeróbach agus anaeróbach.  
(ii) Cén orgánaid chille atá freagrach i riospráid?
- (c) Míinigh, le cabhair léaráide, conas a chabhraíonn struchtúr inmheánach duille féir le próiseas na fótaisintéise.
- (48 marc)**

## NÓ

3. (a) Scríobh nótaí gearra ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
- (i) uainíocht na mbarr,  
(ii) trasghalú,  
(iii) trasghluaiseacht,  
(iv) trasphlandú sutha.
- (b) Míinigh an cur chuige éagsúil i gcaomhnú féir mar chothú geimhridh i gcás
- (i) sadhlas, (ii) féar tirim.
- (c) Déan idirdhealú idir an chóireáil chun feabhas a chur ar dhíleáiteacht ghráin mar ábhar bia i gcás
- (i) ba, (ii) muca.
- (48 marc)**

4. Déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó páirce a mbaintear úsáid as chun **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas a dhéanamh amach:
- (a) Malartú caitian i sampla ithreach.
- (b) Tábhacht **dhá** dhúil ainmnithe i ngnáthfhás planda.
- (c) Éagsúlacht bheatha plandúil i seanmhóinéar.
- (d) Luach fuinnimh ábhar bia ainmnithe.
- (48 marc)**

5. (a) Déan cur síos ar chothú uan ó bhreith go marú agus iad tuairim is ceithre mhí.
- (b) Maidir le hainmhí feirme ainmnithe, déan comparáid idir na brúanna galair ar ainmhithe a tógtar faoi dhíon agus taobh amuigh.
- (c) Pléigh tógáil lao amuigh ar féarach óna bhreith san earrach, faoi na ceannteidil seo a leanas:
- (i) cosc galar,  
(ii) ráta fáis,  
(iii) prionsabail beathaithe.
- (48 marc)**

6. (a) Rianaigh na gnéithe de chóras dea-riartha “gamhain-go-mairteoil” dhá bhliain.
- (b) Déan cur síos ar na réamhchúraim atá riachtanach chun ráta báis na mbó a laghdú chomh mór agus is féidir tráth breithe na laonna.
- (c) Tabhair cuntas ar shaothrú aon bharr curaíochta ainmnithe faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- (i) oiriúnacht ithreach,
  - (ii) réiteach cheapach síl,
  - (iii) riachtanais leasúcháin,
  - (iv) toradh per heicteár. **(48 marc)**
7. (a) I gcás éanlaith chlóis, tá cosa cleití (**FF**) ceannasach ar chosa glana (**ff**) agus tá clúmh bán (**WW**) ceannasach ar chlúmh dubh (**ww**). Cad iad géinitíopaí agus feinitíopaí gach sliocht de na crosanna seo a leanas?
- (i) FFWW x ffww
  - (ii) FFww x ffWW
  - (iii) FfWw x FFWW
- (b) Míniú gach ceann díobh seo a leanas:
- (i) crosmháirtú le linn méoise,
  - (ii) ceannas neamhiomlán,
  - (iii) éagsúlacht leanúnach laistigh de phobal orgánach,
  - (iv) ailléilí iolracha. **(48 marc)**
8. Freagair **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
- (a) Pléigh an tábhacht a bhaineann le seamair i bhféarach faoi na ceannteidil seo a leanas:
- (i) stádas nítrigine san ithir,
  - (ii) clúdach fásra ar thalamh,
  - (iii) luach cothaitheach an luibhre,
  - (iv) truailliú uisce talaimh.
- (b) Pléigh, le cabhair léaráide, conas a dhéantar athchúrsáil ar an dúil carbón sa dúlra.
- (c) Luaigh **ceithre** thoisce a bhfuil tionchar acu ar chomhdhéanamh bainne bó. **(48 marc)**
9. Tabhair míniú eolaíochta ar **ceithre cinn** ar bith díobh seo a leanas:
- (a) Dath dearg san fhual ag ainmhí buaibheach.
- (b) Líon mór luachra agus cíbe ar thalamh féaraigh a luíonn os cionn gléirigh.
- (c) An riachtanas go ligfí do bhileoga biatais sleabhcadh ar feadh tuairim is seachtain sula dtugtar iad mar chothú do bheostoc.
- (d) An éagsúlacht i dtiúchan dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar lá brothallach gréine.
- (e) Méadaíonn tál na mbó i gcaitheamh tréimhse lachta má dhéantar iad a chrú breis is dhá uair sa lá. **(48 marc)**

***LEATHANACH BÁN***

***LEATHANACH BÁN***